AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.6.2023
COM(2023) 299 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Tuarascáil 2022 ar dhul chun cinn maidir leis an Ollstruchtúr Airgeadais Eorpach don Fhorbairt**

GA GA

## Réamhrá

Is é atá sa doiciméad seo an dara tuarascáil ón gCoimisiún ar dhul chun cinn maidir leis an ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt mar fhreagairt ar Chonclúidí na Comhairle i dtaca le feabhas a chur ar an ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt, a glacadh an 14 Meitheamh 2021 ('Conclúidí na Comhairle'). Cuirtear i láthair sa tuarascáil na gníomhaíochtaí a chuir an Coimisiún chun cinn in 2022 chun a threochlár ("Treochlár an Choimisiúin") a chur chun feidhme le haghaidh ollstruchtúr airgeadais Eorpach feabhsaithe don fhorbairt (EFAD), a glacadh an 24 Márta 2022, mar aon leis an gcéad tuarascáil ar dhul chun cinn ([1]). De bhrí gur doiciméad cúlghabhálach é, níl aon ghné ionchais straitéisigh ann. Mar sin féin, cuireann sé bonn luachmhar faoi na breithnithe ar an mbealach chun cinn. Dírítear sa tuarascáil ar na gníomhaíochtaí atá faoi shainchúram an Choimisiúin i gcomhar le hArdionadaí/Leas-Uachtarán an Aontais Eorpaigh.

## 1. Comhthéacs

Tar éis ghlacadh na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta-An Eoraip Dhomhanda (ICFCI-An Eoraip Dhomhanda) agus an chuid is mó de na doiciméid chlársceidealaithe ilbhliantúla in 2021, is é 2022 an chéad bhliain d'úsáid iomlán **chreat nua aonair an Aontais Eorpaigh le haghaidh comhair le tíortha comhpháirtíochta** (chomh maith leis an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais III). Áirítear sa chreat rialála nua **an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe** (CEFI+) - gné airgeadais ICFCI-An Eoraip Dhomhanda - a thacaíonn le hinfheistíochtaí i dtríú tíortha le contrapháirtí ceannasacha, focheannasacha agus príobháideacha trí oibríochtaí cumaisc agus ráthaíochtaí buiséadacha.

Agus úsáid á baint as an bhfoireann athnuaite uirlisí sin, chuir an Coimisiún le hiarrachtaí EFAD a dhéanamh níos comhordaithe, níos cuimsithí, níos infheicthe agus níos éifeachtaí, i gcomhréir le Conclúidí na Comhairle agus i gcomhréir iomlán leis an iarracht níos leithne **cur chuige Fhoireann na hEorpa**([2]) a chur chun cinn.

I gcomhréir le prionsabal '**Tús Áite don Bheartas**', cuireadh na módúlachtaí uile a chuireann ICFCI-An Eoraip Dhomhanda chun feidhme, lena n-áirítear iad siúd faoi CEFI+, i seirbhís thosaíochtaí beartais an Aontais trí **stiúradh láidir beartais** ar gach leibhéal: idir dhearadh doiciméid chlársceidealaithe ilbhliantúla agus shainiú threoshuíomhanna straitéiseacha CEFI+, idirphlé beartais ar leibhéal na dtíortha comhpháirtíochta agus roghnú agus dearadh tionscnamh agus clár ar leith.

---

([1]) Treochlár an Choimisiúin le haghaidh ollstruchtúr airgeadais Eorpach feabhsaithe don fhorbairt agus tuarascáil 2021 ar dhul chun cinn COM.(2022) - 139 final

([2]) Baintear leas i gcur chuige "Fhoireann na hEorpa" as ionchur ón Aontas Eorpach agus comhcheanglaítear leis acmhainní Bhallstáit an Aontais agus institiúidí airgeadais, agus inniúlachtaí an Aontais agus na nósanna imeachta cinnteoireachta, lena n-áirítear na rialacha vótála, a bunaíodh le Conarthaí an Aontais, á n-urramú an tráth céanna. Braitheann cur chuige Fhoireann na hEorpa ar an Aontas, ar a Bhallstáit, ar a n-institiúidí airgeadais, lena n-áirítear bainc forbartha náisiúnta agus gníomhaireachtaí cur chun feidhme, chomh maith leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF). Cuirtear chun feidhme é freisin i dtíortha comhpháirtíochta an Aontais, lena n-áirítear trí thoscaireachtaí an Aontais, chun comhordú an Aontais ar an láthair a éascú.

Cuirtear ar fáil i straitéis **Global Gateway**([3]), a seoladh i mí na Nollag 2021, príomhghné uileghabhálach nua lena dtreoraítear teacht le chéile oibríochtaí infheistíochta i réimse na gníomhaíochta seachtraí le tosaíochtaí agus leasanna beartais an Aontais Eorpaigh. Cumhdaíonn Global Gateway an nascacht chrua agus an timpeallacht chumasaithe, creataí rialála agus noirm agus caighdeáin araon. Is é an aidhm atá aige borradh a chur faoi naisc chliste, ghlana agus shlána san earnáil dhigiteach, earnáil na haeráide, an fhuinnimh agus an iompair, agus an t-oideachas, an taighde agus na córais sláinte a neartú ar fud na tíre. I gcás tíortha a chumhdaítear faoi imchlúdach na Comharsanachta agus tairbhithe na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) III, cuirtear an straitéis Global Gateway chun feidhme trí na Pleananna Réigiúnacha Eacnamaíocha agus Infheistíochta ([4]).

Ó thaobh an Aontais Eorpaigh de, baintear leas as tacar uirlisí airgeadais i gcreat airgeadais ilbhliantúil an Aontais 2021-2027, go háirithe ICFCI-An Eoraip Dhomhanda agus an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) III, ach chomh maith leis sin an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, Interreg, InvestEU agus Fís Eorpach - clár taighde agus nuálaíochta an Aontais.

Ní féidir le hinfheistíochtaí Global Gateway an scála atá beartaithe a bhaint amach agus tionchar inláimhsithe agus infheicthe a chruthú ar an láthair ach amháin má thacaíonn an tAontas agus na Ballstáit leo i gcur chuige Fhoireann na hEorpa. Ní mór úsáid a bhaint as an Aontas Eorpach, na Ballstáit, Institiúidí Airgeadais um Fhorbairt, BEI, BEAF agus an earnáil phríobháideach Eorpach. Dá bhrí sin, tá EFAD feabhsaithe agus láidir ríthábhachtach chun Straitéis Global Gateway a chur i gcrích go héifeachtach.

## 2. <u>Forléargas ar an dul chun cinn in 2022</u>

Eagraítear Treochlár an Choimisiúin thart ar cheithre shnáithe oibre:

i) **stiúradh láidir beartais** an Aontais a dhearbhú chun comhleanúnachas gníomhaíochtaí institiúidí airgeadais le cuspóirí beartais sheachtracha an Aontais a threisiú chun **tionchar forbartha** ghníomhaíochtaí an Aontais i dtríú tíortha a mhéadú agus chun a n-ailíniú le leasanna straitéiseacha an Aontais

ii) **comhordú** feabhsaithe a chur chun cinn

iii) ollstruchtúr airgeadais **níos cuimsithí** a fhorbairt

iv) **infheictheacht agus tionchar** a chinntiú do ghníomhaíochtaí an Aontais agus na mBallstát.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i ngach ceann de na ceithre réimse (mar a léirítear go mion i roinn 3).

### Stiúradh láidir beartais an Aontais

([3]) Teachtaireacht Chomhpháirteach 'Global Gateway' JOIN (2021). 30 final

(4) Doiciméid tagartha: Teachtaireacht Chomhpháirteach 'Clár Oibre nua do Thagairt na Meánmhara do thrí EIPanna' agus an doiciméad a ghabhann leis 'Comhpháirtíocht athnuaite le Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta Chomharsanacht an Deiscirt do chomharsana an Deiscirt' (SWD(2021) 23 final); Teachtaireacht Chomhpháirteach 'Beartas Chomhpháirtíocht an Oirthir tar éis 2020 Athléimneacht a Threisiú - Comhpháirtíocht an Oirthir a dhéanann beart do chách' agus an doiciméad a ghabhann leis 'Comhairliúchán Struchtúrtha maidir le todhchaí Chomhpháirtíocht an Oirthir' (SWD(2020)56 final); Teachtaireacht Chomhpháirteach 'Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar' (COM (2020)641 final)

Cinntíonn an Coimisiún bainistiú CEFI+ tríd an gcóras rialachais arna bhunú ag ICFCIs-An Eoraip Dhomhanda, a chuirtear in iúl ar Bhord Straitéiseach CEFI+ agus ar na Boird Oibríochtúla Réigiúnacha ([5]). Stiúrann siad cur chun feidhme CEFI+, le haghaidh oibríochtaí cumaisc agus ráthaíochtaí buiséadacha araon.

Agus é ag cloí le **prionsabal 'tús áite don bheartas'**, tá stiúradh láidir beartais á chur ar fáil ag an gCoimisiún d'oibríochtaí uile CEFI+, lena gcinntítear go bhfuil ráthaíochtaí CEFI+ agus oibríochtaí measctha ag teacht le tosaíochtaí Global Gateway, agus go gcuirfear tionscadail shuaitheanta chun feidhme, go príomha trí Thionscnaimh Fhoireann na hEorpa, a chruthaítear ó thosaíochtaí a sainaithníodh san idirphlé beartais le tíortha comhpháirtíochta.

- I dtaca leis an **ollstruchtúr oscailte**, tá an treoshuíomh a ghlac Bord Straitéiseach CEFI+ i mí na Samhna 2021 tar éis bonn eolais a chur faoin rogha ionú infheistíochta agus faoin ngá le tograí a seoladh ina dhiaidh sin in 2022. Mheall an mhódúlacht nuálach sin suim mhór ó phobal na n-institiúidí airgeadais rud a léiríodh nuair a bhí ró-éileamh beagnach ceithre oiread ar an nglao. Bhí ról lárnach ina roghnú ag cumas na n-infheistíochtaí atá beartaithe cabhrú le tosaíochtaí agus spriocanna téamacha agus geografacha ICFCI-An Eoraip Dhomhanda, chomh maith le Global Gateway a bhaint amach. I mí na Nollag 2022, cheadaigh Bord Oibríochtúil CEFI+ na chéad 40 togra don Afraic fho-Shahárach, Meiriceá Laidineach agus réigiúin Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin san Áise. Is é sin suas le 6 bhilliún euro san iomlán in acmhainneacht ráthaíochta agus tá coinne leis nginfidh siad níos mó ná 50 billiún euro in infheistíochtaí lena gcumhdaítear na sé dheis théamacha uile - Nascacht, MFBM, Caipiteal Nádúrtha, Forbairt Dhaonna, Airgeadas Inbhuanaithe agus Cathracha Inbhuanaithe, a léiríonn príomhearnálacha Global Gateway. Idir mí na Nollag 2022 agus mí Eanáir 2023, ghlac Bord Oibríochtúil CEFI+ le 3 thogra bhreise lena gcumhdaítear go heisiach na Balcáin Thiar agus 12 thogra lena gcumhdaítear formhór na réigiún méadaithe agus comharsanachta.

- Déantar grinnscrúdú ar **oibríochtaí cumaisc** trí nósanna imeachta inmheánacha um measúnú cáilíochta agus trí athbhreithnithe piaraí Cruinnithe um Measúnú Teicniúil (TAM) sula gcuirtear faoi bhráid thuairim na mBallstát iad ar Bhord Oibríochtúil ábhartha CEFI+.

- I dtaca le **hionú eisiach maidir le hiasachtú** ceannasach BEI, cuirtear ráthaíocht 26.7 billiún euro ar fáil sa chomhaontú ráthaíochta ábhartha a síníodh i mí na Bealtaine 2022 chun iasachtú ceannasach BEI in earnálacha tosaíochta Global Gateway a chumhdach, lena n-áirítear fuinneamh glan, bonneagar glas agus sláinte. Déantar foráil ann maidir le prionsabal an chomhair maidir le comhordú straitéiseach foriomlán, comhordú réamhtheachtach agus cumarsáid. Gné lárnach den phróiseas comhordaithe neartaithe sin le BEI is ea córas rialachais struchtúrtha a thabhairt isteach feadh trí phríomhchéim: comhordú réamhtheachtach([6]) le foirne geografacha

([5]) Is éard a bheidh i mbord straitéiseach CEFI+ ionadaithe ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí, agus na Ballstáit ar fad agus BEI. Tá stádas breathnóra ag Parlaimint na hEorpa. Is éard atá sna Boird Oibríochtúla ionadaithe ón gCoimisiún, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, agus na Ballstáit mar chomhaltaí vótála, agus ionadaithe ó institiúidí airgeadais mar bhreathnóirí.

([6]) lena n-áirítear tástáil inghlacthachta i gcás inarb infheidhme maidir le hoibríochtaí tráchtála focheannasacha.

maidir leis na hoibríochtaí atá beartaithe lena saothrú, an nós imeachta de réir Airteagal 19 de Reacht BEI ([7]) agus measúnú incháilitheachta.

**Comhordú a fheabhsú**

Tugadh faoi go leor tionscnamh a bhfuil sé d'aidhm acu **comhpháirtíochtaí agus comhordú** a chur chun cinn a thuilleadh i measc chomhaltaí EFAD ar leibhéal na ceanncheathrún agus na tíre.

(1) Rinneadh na hinstitiúidí airgeadais Eorpacha um fhorbairt a chomhtháthú ar bhealach níos córasaí i bplé beartais agus straitéiseach, agus i ndearadh agus i gcur chun feidhme thionscadail shuaitheanta Global Gateway. Rinneadh rannpháirtíocht a n-ionadaithe i gcruinnithe Ard-Stiúrthóirí Forbartha an Aontais Eorpaigh, in éineacht le hAireachtaí agus Gníomhaireachtaí cur chun feidhme, i gcur chuige Fhoireann na hEorpa, a threisiú mar chleachtas caighdeánach le linn 2022, rud a chuireann le tuiscint choiteann ar chuspóirí agus ar mhódúlachtaí.

(2) Ina theannta sin, tá ról lárnach ag institiúidí airgeadais Eorpacha i gcur chun feidhme Thionscnaimh Fhoireann na hEorpa. Tá baint acu le 144 as 164 TEI. Taobh amuigh dá ranníocaíochtaí airgeadais, tá páirt ghníomhach acu i bplé beartais agus oibríochtúil, agus iad ag úsáid saineolais agus infheistíochtaí Eorpacha, mar a léirítear, mar shampla, le comhpháirtíocht Global Gateway leis an Namaib maidir le Hidrigin In-athnuaite agus Slabhraí Luacha Inbhuanaithe Amhábhar nó le comhpháirtíocht Global Gateway leis an Táidsíceastáin maidir le fuinneamh in-athnuaite. Is cnámh droma na dtionscnamh sin í an chomhpháirtíocht fheabhsaithe i measc comhaltaí éagsúla EFAD, agus í bunaithe ar bhonneagar crua agus sraith leathan bearta nasctha chun acmhainn a fhorbairt, athchóirithe earnála a chur chun cinn, nó aeráid ghnó a fheabhsú.

(3) Thug institiúidí airgeadais Eorpacha agus gníomhaireachtaí cur chun feidhme faoi bhearta chun a gcomhordú agus a ngníomhaíochtaí comhpháirteacha a mhéadú a thuilleadh faoi thionscnaimh agus faoi shocruithe éagsúla. Agus iad ag cur leis an gComhpháirtíocht Fheabhsaithe, sheol AECID, AFD, CDP agus KfW i mí an Mheithimh 2022 an t-ardán comhordúcháin JEFIC - Comh-Airgeadaithe Eorpacha um Chomhar Idirnáisiúnta - agus é d'aidhm aige acmhainní a chomhthiomsú agus saineolas a roinnt. Mar gheall ar threisiú na malartuithe idir Líonra na gCleachtóirí, JEFIC agus Comhlachas EDFI i rith na bliana, bhíothas in ann comhthuiscint a dhoimhniú agus féachaint ar bhealaí chun comhordú idir soláthraithe an chomhair theicniúil Eorpaigh agus soláthraithe comhair airgeadais a fheabhsú. Mar thoradh air sin, rinneadh iarratais chomhpháirteacha faoi ghlao ollstruchtúr oscailte CEFI + ar thograí.

([7]) Rialaítear comhairliúchán BEI leis an gCoimisiún maidir le hinfheistíochtaí le hAirteagal 19 de Reacht BEI, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Prótacal Uimh. 5). Go sonrach, leagtar amach sna forálacha ábhartha d'Airteagal 19 (2):*'[...]* Iarratais a dhéanfar trí Bhallstát, cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin iad chun tuairim a fháil. *Iarratais a dhéanfaidh gnóthas go díreach, cuirfear iad faoi bhráid an Bhallstáit lena mbaineann agus faoi bhráid an Choimisiúin. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann agus an Coimisiún a dtuairim laistigh de 2mhí. Mura bhfaighfear freagra laistigh den tréimhse sin, féadfaidh an Banc glacadh leis nach bhfuil aon agóid i gcoinne na hinfheistíochta atá i gceist."*

(4) Comhar a éascú i measc gníomhaithe Eorpacha agus le tíortha comhpháirtíochta agus tionchar agus infheictheacht chomhar an Aontais um fhorbairt a fheabhsú, sin iad príomhchuspóirí **Thairseach Chomhpháirtíochtaí Fhoireann na hEorpa** (TEPP), ardán digiteach a seoladh i mí an Mheithimh 2022 chun cuidiú le riachtanais tíortha comhpháirtíochta a mheaitseáil le tairiscintí saineolais agus tacaíochta ó ghníomhaithe Eorpacha ([8]).

(5) Cuireadh go mór leis an ról atá ag **Toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh mar chomhordaitheoirí/pointí fócais** chun plé réamhtheachtach leis na Ballstáit, le hinstitiúidí airgeadais agus le páirtithe leasmhara eile ar an láthair a éascú. Chuir próiseas deartha agus cur chun feidhme TEI éifeacht spreagtha sa treo sin ar fáil as ar eascair comhar treisithe le hinstitiúidí airgeadais ar an láthair agus comhtháthú níos comhleanúnaí infheistíochtaí laistigh de fhreagairt fhoriomlán an Aontais i dtír chomhpháirtíochta ar leith. Cuireadh feabhas ar an idirphlé le BEI, lena n-áirítear trí theagmhálacha rialta le Toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh i dtíortha oibríochtaí. Ina theannta sin, chabhraigh Toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh le BEI a láithreacht áitiúil a mhéadú trí ionadaíochtaí BEI a óstáil (e.g. mol réigiúnach BEI na hIndinéise, a osclaíodh in 2022 laistigh d'oifig Thoscaireacht an Aontais Eorpaigh in Iacárta). I gcomhréir leis an iarracht fhoriomlán chun infheictheacht rannpháirtíocht an Aontais i gcur chuige Fhoireann na hEorpa a mhéadú, forbraíodh cumarsáid straitéiseach ilbhliantúil agus pleananna taidhleoireachta poiblí do Thoscaireachtaí an Aontais ar fud na réigiún uile.

## Ollstruchtúr airgeadais níos cuimsithí a fhorbairt

Rinneadh bearta chun an chuimsitheacht a mhéadú. Chuir roinnt institiúidí airgeadais tograí isteach den chéad uair faoi ghlao ollstruchtúir oscailte CEFI+ – cuid acu ag obair i gcomhar le comhpháirtithe a bhfuil "níos mó taithí" acu. Fuair cúig institiúid airgeadais nua comhairle mhodheolaíoch ón gCoimisiún maidir lena nós imeachta measúnaithe colúin a sheoladh.

Chomh maith leis sin, tugadh faoi roinnt tionscnamh chun feabhas a chur ar chomhordú uirlisí agus ionstraimí éagsúla an Aontais agus na mBallstát. In 2022, rinneadh **staidéar féidearthachta ar roghanna le haghaidh Shaoráid Creidmheasanna Onnmhairiúcháin de chuid an Aontais**chomh maith le **mapáil ar uirlisí airgeadais** a thacaíonn le cur chun feidhme bheartais sheachtracha an Aontais agus a bhfuil sé d'acmhainn acu iomaíochas domhanda chuideachtaí an Aontais a neartú. Réitíonn na torthaí an bealach chun féachaint an bhféadfaí comhordú feabhsaithe a dhéanamh i measc ghníomhaireachtaí creidmheasanna onnmhairiúcháin Bhallstáit an Aontais agus na n-institiúidí airgeadais Eorpacha agus náisiúnta ábhartha le haghaidh forbartha.

Maidir le bunú **rialachas Global Gateway**, mar a sainmhíníodh i mí na Samhna 2022, cuirtear ollstruchtúr airgeadais Eorpach níos cuimsithí chun cinn. Iarrtar ar ionadaithe institiúidí airgeadais Eorpacha amhail BEI, BEAF agus bainc forbartha náisiúnta na mBallstát, ar bhonn *ad hoc*, páirt a ghlacadh i mBord Global Gateway, in éineacht le hUachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Coimisinéirí eile agus Airí Gnóthaí Eachtracha na mBallstát, agus ar an gcaoi sin na hoibríochtaí infheistíochta a chomhtháthú sna cúinsí geopholaitiúla níos leithne, treoir straitéiseach an tionscnaimh.

([8]) https://team-europe-partners.network.europa.eu/home

Tionóladh **an chéad chruinniú de Bhord Global Gateway an 11 Nollaig 2022**, faoi chathaoirleacht an Uachtaráin von der Leyen, agus le rannpháirtíocht an Ard-Ionadaí/Leas-Uachtaráin, an Coimisinéir um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta agus an Coimisinéir um Ghnóthaí Eachtracha chomh maith le hionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa, ó Uachtaráin BEI agus ó BEAF chomh maith le hionadaithe Airí Gnóthaí Eachtracha na mBallstát.

Feabhsaíodh cuimsitheacht rialachas Global Gateway leis na bearta a rinneadh in 2022 chun bunú an **Ghrúpa Chomhairligh Ghnó** a ullmhú, agus é d'aidhm aige sin dul i ngleic ar bhealach struchtúrtha le hearnáil phríobháideach na hEorpa mar chuid lárnach de straitéis agus de chur chun feidhme Global Gateway.

Tá **cur chun feidhme Global Gateway i gcur chuige Fhoireann na hEorpa** bunaithe ar phróiseas láidir comhordaithe sa Bhruiséil, sna Ballstáit, agus i dtíortha comhpháirtíochta. Éilíonn sé cur chuige uile-Choimisiúin agus cur chuige comhchosúil uile-rialtais sna Ballstáit (gach Aireacht ábhartha, gníomhaireachtaí forbartha, institiúidí airgeadais forbartha, gníomhaireachtaí creidmheasanna onnmhairiúcháin) chomh maith leis an earnáil phríobháideach agus a cuid tacaíochta. Tá Toscaireachtaí an Aontais, Ambasáidí na mBallstát agus gníomhaireachtaí na mBallstát, a n-institiúidí maoinithe forbartha, BEI agus BEAF i gcroílár an chur chun feidhme agus tá ról ríthábhachtach acu i dtaca le faisnéis a mhalartú maidir le tosaíochtaí infheistíochta agus tuairimí na hearnála príobháidí a chuireann bonn eolais faoi threoir straitéiseach.

Cinntítear comhleanúnachas straitéiseach le Dearcthaí Straitéiseacha CEFI+ arna nglacadh ag Bord Straitéiseach CEFI+ a chuireann le Global Gateway. Mar shampla, oibríonn an ‘deis nascachta’ faoi ollstruchtúr oscailte CEFI+ le hearnálacha Global Gateway amhail Fuinneamh, Bonneagar agus Teicneolaíocht. Fíoraíonn Bord Oibríochta CEFI+ ailíniú na n-oibríochtaí infheistíochta atá beartaithe le straitéis Global Gateway.

**Méadú ar infheictheacht agus tionchar**

Is **feiceálaí agus is mó tionchar** atá ag comhordú na hEorpa anois. I gcomhréir leis an moladh chun comhordú breise a dhéanamh ar chomhsheasaimh in institiúidí forbartha iltaobhacha chun guth níos comhleanúnaí a bheith ag an Aontas, forbraíodh teachtaireachtaí comhchoiteanna ó Fhoireann na hEorpa don Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus do Chruinnithe Earraigh agus Bliantúla an Bhainc Dhomhanda leis an gComhairle den chéad uair in 2022.

Bhí ábharthacht ag baint leis an socrú ar an láthair mar gheall ar **mhisin chomhpháirteacha** i gcur chuige Fhoireann na hEorpa le linn 2022. Bhí na hinstitiúidí airgeadais Eorpacha rannpháirteach i misin chomhpháirteacha, amhail misean comhpháirteach an Choimisiúin / EIB ag COP27, dhá mhisean Cabo Verde chun tionscnaimh shuaitheanta Global Gateway a thosú faoi stiúir an Choimisiúin le rannpháirtíocht na mBallstát agus institiúidí airgeadais forbartha, chomh maith le himeachtaí comhpháirteacha infheictheachta.

Roinneadh treoir maidir le conas cumarsáid a dhéanamh agus cur le hinfheictheacht le Toscaireachtaí uile an Aontais, agus cuireadh tacaíocht ar fáil dóibh chun **cumarsáid straitéiseach ilbhliantúil agus pleananna taidhleoireacht phoiblí** a fhorbairt lena léirítear tosaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear Global Gateway. Fuair agus

d'athbhreithnigh seirbhísí ábhartha an Choimisiúin breis agus 70 plean in 2022, rud a réitigh an bealach chun tuilleadh oibre a dhéanamh chun tacú le hinfheictheacht thionscnaimh shuaitheanta Global Gateway.

## 3. Dul chun cinn agus an treochlár

3.1 Gníomhaíochtaí sonracha a eascraíonn as ICFCI-An Eoraip Dhomhanda

**Treo agus claonadh beartais níos soiléire**

Treochlár: 1) Cuirfidh an Coimisiún, i gcomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, treoir shoiléir bheartais ar fáil sna doiciméid chlársceidealaithe agus sna Pleananna Eacnamaíocha agus Infheistíochta agus cinnteofar go mbeidh gníomhaíochtaí infheistíochta uile an Aontais faoi ICFCI-An Eoraip Dhomhanda agus IPA III ag teacht leis na tosaíochtaí a leagtar síos sna doiciméid chlársceidealaithe.

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022

I gcomhréir leis an bprionsabal "tús áite don bheartas", glacadh cur chuige níos cuimsithí i leith clársceidealaithe, lena gcuimsítear oibríochtaí CEFI+ chomh maith le módúlachtaí agus cineálacha idirghabhála eile, lena n-áirítear deontais agus idirphlé beartais.

Rinne seirbhísí ábhartha an Choimisiúin measúnú córasach ar ailíniú na n-oibríochtaí infheistíochta a chuir institiúidí airgeadais na hEorpa agus na mBallstát ar aghaidh le tosaíochtaí beartais agus cuspóirí clársceidealaithe le haghaidh tionscnaimh nua agus le haghaidh oibríochtaí leanúnacha.

Rinneadh grinnscrúdú ar gach oibríocht infheistíochta CEFI+ a mhaoinítear trí ráthaíochtaí cumaisc agus ollstruchtúir oscailte trí nósanna imeachta inmheánacha an Choimisiúin maidir le measúnú cáilíochta agus trí athbhreithnithe piaraí Chruinniú um Measúnú Teicniúil (TAM) roimh an tuairim dhearfach ó na Ballstáit i mBord oibríochtúil ábhartha CEFI+.

Chinntigh sé sin go gcomhlíonfaí doiciméid chlársceidealaithe (Cláir Tháscacha Ilbhliantúla náisiúnta agus réigiúnacha), ailíniú le Tionscnaimh Fhoireann na hEorpa, Pleananna Eacnamaíocha agus Infheistíochta agus le beartais dhomhanda an Aontais amhail an Tairseach Dhomhanda agus an Comhaontú Glas, chomh maith le haird a dhíriú ar ghnéithe inscne agus comhshaoil.

I gcás deiseanna tiomnaithe BEI, chinntigh an Coimisiún an t-ailíniú le clársceidealú, TEInna agus tosaíochtaí beartais trí phróiseas comhordúcháin réamhtheachtach bunaithe ar chruinnithe athbhreithnithe réigiúnacha/tíre a thionóltar ar bhonn rialta.

Treochlár: 2) Foilseoidh an Coimisiún, i gcomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, na doiciméid chlársceidealaithe uile, ionas go mbeidh tosaíochtaí beartais soiléir do na gníomhaithe uile a ghlacann páirt in ollstruchtúr airgeadais an Aontais don fhorbairt

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022

Foilsíodh na doiciméid chlársceidealaithe uile a ghlac an Coláiste ar shuíomh gréasáin Europa díreach tar éis a nglactha: [Global Europe - Programming (europa.eu)](). Foilsíodh na doiciméid chlársceidealaithe bhliantúla agus ilbhliantúla uile a glacadh do thíortha na Comharsanachta agus an Mhéadaithe ar shuíomh gréasáin AS NEAR

(https://neighbourhood-enlargement.ec.europa.eu/index_en).
Meabhraítear gur glacadh 97 MIP le tíortha comhpháirtíochta an Aontais in 2021. Agus na cláir chuimsitheacha curtha i gcrích den chuid is mó, glacadh 8 MIP breise in 2022.

Treochlár: 3) Áiritheoidh an Coimisiún, i gcomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, go dtacóidh Bord Straitéiseach CEFI+ le comhordú foriomlán, comhlántacht agus comhleanúnachas foriomlán na n-oibríochtaí arna gcur chun feidhme faoi CEFI+

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022
Cheana féin i mí na Samhna 2021, ghlac an chéad Bhord Straitéiseach CEFI+ le sraith Treoshuíomhanna Straitéiseacha le haghaidh ráthaíochtaí agus oibríochtaí measctha CEFI+, lena n-áirítear sé réimse théamacha le haghaidh ionú infheistíochta. Aistríodh na sé réimse théamacha sin ina sé Dhoiciméad ar Ionú Infheistíochta, bunaithe ar an bpróiseas clársceidealaithe ilbhliantúil. Ghlac Boird Oibríochtúla CEFI+ leis na Doiciméid ar Ionú Infheistíochta sin i mí Aibreáin 2022 agus tá siad mar bhonn don ghlao ar thograí le haghaidh ráthaíochtaí ollstruchtúir oscailte CEFI+ agus na gClár Infheistíochta Beartaithe (PIPanna) a glacadh ina dhiaidh sin le linn na mBord Oibríochtúil i mí na Nollag 2022 agus i mí Eanáir 2023 do na réigiúin éagsúla oibríochtaí.

Treochlár: 4) Leanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, de bheith ag cur dreasachtaí ar fáil chun tosaíochtaí polaitiúla sonracha a spreagadh agus chun tionchar níos mó a bhaint amach, e.g. chun a chinntiú go ndíreofar infheistíochtaí ar na réigiúin sin, ar na tíortha sin (lena n-áirítear na tíortha is lú forbairt agus ar réigiúin/tíortha tosaíochta eile de réir mar is féidir), tosaíochtaí téamacha (e.g. aeráid, nascacht...) nó grúpaí (e.g. daoine óga, mná, imircigh...) ar tosaíocht pholaitiúil iad don Aontas.

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022
Cabhraíonn CEFI+ leis na spriocanna cothrománacha a sainaithníodh i Rialachán NDICI-An Eoraip Dhomhanda (forbairt an duine, an t-athrú aeráide, imirce, inscne, ODA). Is critéar tábhachtach é cumas na gClár Infheistíochta Beartaithe (PIPanna) rannchuidiú leis na spriocanna téamacha sin chomh maith leis na tosaíochtaí geografacha a bhfuil cur síos orthu sna Doiciméid ar Ionú Infheistíochta chun tograí infheistíochta a roghnú faoin nglao ar ailtireacht oscailte.
Déantar lascainí táillí ráthaíochta d'institiúidí airgeadais a bhreithniú le haghaidh tionscadal i dtíortha áirithe (LDC, comhthéacs leochaileach) nó le haghaidh cuspóirí beartais (Inscne, Imirce). Déantar foráil maidir leis an dreasú sin freisin faoi ráthaíochtaí ollstruchtúir oscailte CEFI+. Ina theannta sin, tá liosta de thíortha tosaíochta curtha ar fáil ag an gCoimisiún do gach ionú infheistíochta chun forbairt na gcomhpháirtithe cur chun feidhme féideartha a threorú i gcomhréir leis na tosaíochtaí clársceidealaithe tíre faoi seach.

**Tionscnaimh Fhoireann na hEorpa agus tionscnaimh shuaitheanta agus tairseach chomhpháirtíochta**

Treochlár: 5) Tabharfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán,

tús áite do thionscnaimh shuaitheanta agus do thionscnaimh nó tograí Fhoireann na hÉireann atá bunaithe ar chur chuige Fhoireann na hÉireann (lena n-áirítear cuibhreannais nó ardáin infheistíochta, mar shampla)

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022

Spreagtar cur chuige Fhoireann na hEorpa trí phlé ar obair ar na bacáin le comhpháirtithe cur chun feidhme CEFI+, trí mhisin for-rochtana CEFI+ agus is sócmhainn é d'aon iarratas measctha nó PIP a n-iarrtar cumhdach ráthaíochta CEFI+ ina leith.

Leagtar amach sa ghlao ar thograí le haghaidh CEFI+ gur gá do gach institiúid airgeadais a thaispeáint cé acu TEI(nna) a bhféadfadh an infheistíocht faoi seach cabhrú leo: "*Dá bhrí sin, ba cheart foirmliú PIPanna a bheith i gcomhréir leis na príomhthionscadail sin agus go gcabhródh sé le seachadadh na bpríomhthionscadal sin chomh maith le Tionscnaimh eile de chuid Fhoireann na hEorpa a bhfuil tionchar claochlaitheach acu.*"

Dá bhrí sin, áiríodh i bhfoirm iarratais CEFI+ ar ollstruchtúr oscailte comhad excel maidir le TEInna ina raibh ar iarratasóirí a chur in iúl cé na TEInna a bhféadfadh an infheistíocht cabhrú leo. Tá na naisc a beartaíodh fíoraithe ag an gCoimisiún agus déanfar tuilleadh plé orthu agus na comhaontuithe ráthaíochta á gcur faoi chaibidil.

Maidir le deiseanna tiomnaithe infheistíochta BEI: Iarradh ar BEI a thaispeáint gach infheistíocht atá beartaithe a bhféadfadh TEI/suaitheanta rannchuidiú leis an infheistíocht.

Maidir le cláir infheistíochta CEFI atá ann faoi láthair, tugadh cuireadh d'institiúidí airgeadais naisc TEI a thaispeáint nó a gcuid infheistíochtaí a nascadh le TEInna.

Tá tacaíocht á cur ar fáil ag an gCoimisiún do chomhlachas EDFI chun feabhas a chur ar chomhtháthú a chomhaltaí i dTionscnamh Fhoireann na hEorpa agus ailíniú níos fearr le Global Gateway. Rinneadh obair chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht TEInna d'infheistíochtaí chomhaltaí EDFI agus chun tacú le nóta treorach comhpháirteach a dhearadh maidir le comhtháthú TEI DFInna.

Treochlár: 6) Féachfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, ar an bhféidearthacht dreasachtaí a chur ar fáil faoi CEFI++ chun tograí comhpháirteacha arna gcur isteach ag roinnt institiúidí airgeadais a chur chun cinn a bhfuil leas coiteann acu na cuspóirí beartais a leagadh síos a bhaint amach, go háirithe iad siúd atá níos lú, atá nua nó iad siúd nach ndéantar measúnú colún orthu (fad a dhéantar measúnú colún ar an institiúid ceannais);

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022

Spreagann an Coimisiún institiúidí airgeadais chun cur chuige cuimsitheach a chomhordú agus a chur le chéile agus a chothú agus institiúidí airgeadais forbartha nó gníomhaireachtaí forbartha ó na Ballstáit uile a chomhtháthú. Spreagadh socruithe cómhaoinithe agus comhroinnt eolais i measc institiúidí airgeadais chun tograí comhpháirteacha a éascú ach freisin chun cur ar chumas institiúidí nua an príomhról a ghlacadh.

Laistigh den ghlao ollstruchtúir oscailte ar thograí, chuir Comhlachas na nInstitiúidí Airgeadais d'Fhorbairt na hEorpa roinnt tograí comhpháirteacha isteach, go háirithe trína Chuideachta Bainistíochta (EDFI MC) agus trí ghrúpa JEFIC na mbanc forbartha poiblí (AFD, AECID, CDP, KfW) a bhfuil nósanna imeachta comhspleáchais chomhaontaithe acu freisin.

Rinne roinnt comhpháirtithe iarratas ar ráthaíochtaí den chéad uair, eadhon Bank

Gospodarstwa Krajowego (BGK), Banc Forbartha Mhuir Chairib (CDB), Cardano Development, Climate Fund Managers (CFM), Finnfund, Investeringsfonden for Udviklingslande (IFU), Ciste Forbraíochta Caipitiúla na Náisiún Aontaithe (UNCDF).
Éascaíodh socruithe idir institiúidí airgeadais nach ndearnadh measúnú colún orthu go fóill agus comhpháirtithe a bhfuil taithí acu maidir le húsáid na ráthaíochta.
Chun cuimsitheacht a mhéadú, i mí na Bealtaine 2022, mhol an Coimisiún, i measc roinnt coigeartuithe spriocdhírithe ar an Rialachán Airgeadais, réimse na n-eintiteas a leathnú ar féidir leis cúraimí cur chun feidhme buiséid a chur de chúram air faoi bhainistíocht indíreach. Is é an aidhm atá ag an togra sin, a léirítear trí mhír nua (ix) in Airteagal 62.1(c), rannpháirtíocht eintiteas amhail EDFI i gcur chun feidhme cistí seachas ráthaíochtaí buiséadacha a éascú.

Treochlár: 7) Neartóidh an Coimisiún, i gcomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, uirlisí forbartha institiúidí faoi Ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise (TAIEX) and Nascadh chun forbairt acmhainneachta a threisiú i bpríomhréimsí athchóirithe agus ailínithe;

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022
Tá ionstraimí tógála institiúide TAIEX and Nascadh bunaithe go maith i dtíortha méadaithe agus chomharsanachta an Aontais Eorpaigh. Bíonn os cionn 600 imeacht TAIEX ar siúl gach bliain agus tá os cionn 100 Nascadh ar siúl faoi láthair. Cuireadh tús in 2020 le TAIEX and Nascadh a chur chun feidhme thar réigiúin mhéadaithe agus chomharsanachta. Tar éis do na chéad tionscadail tosú sa tSaimbia agus sa Chirgeastáin in 2021, in 2022 cuireadh tús le tionscadail nasctha sa Namaib, sa Phoblacht Dhoiminiceach, i Madagascar agus i Ruanda. Seolfar tionscadail sa Mhaláiv agus sa Tansáin go luath. Agus deireadh le srianta taistil COVID-19, tháinig méadú mór ar líon na n-imeachtaí TAIEX san Afraic Fho-Shahárach, sa Mheánoirthear, san Áise agus san Aigéan Ciúin agus i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib ó lár 2022 ar aghaidh. Cuireadh tús le 42 imeacht in 2022. Díríonn roinnt tionscadal ar réimsí a bhaineann le EFAD, amhail na tionscadail nasctha frith-éillithe agus iniúchadh poiblí sa tSaimbia agus imeachtaí TAIEX maidir le Bannaí Glasa agus Teicneolaíocht Airgeadais i Vítneam agus frith-éilliú agus trédhearcacht sa soláthar poiblí in Eacuadór.

Treochlár: 8) Cuirfidh an Coimisiún, i gcomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, tuilleadh trédhearcachta ar fáil maidir le Tionscnaimh Fhoireann na hEorpa;

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022
Seoladh suíomh rochtana oscailte ("Team Europe Initiative and Joint Programming Tracker") go luath in 2022 ionas gur féidir faisnéis faoi TEInna a roinnt leis an lucht féachana seachtrach ([9]).
Forbraíodh treoir maidir le rianú airgeadais eisíocaíochtaí le haghaidh TEInna. Tá na réamhriachtanais theicniúla chuige sin curtha chun feidhme ag an gCoimisiún ina chóras inmheánach sonraí (trí bhratach TEI). Tá na Ballstáit á dhéanamh sin chomh maith. Rinneadh comhordú le foinsí sonraí poiblí domhanda ionas gur féidir leis na foinsí sin ranníocaíochtaí airgeadais a thaispeáint do TEInna, amhail staitisticí OECD-DAC (tríd an

([9]) https://europa.eu/capacity4dev/tei-jp-tracker/

réimse eochairfhocal sa CRS) agus caighdeán Thionscnamh na Trédhearcachta um Chabhair Idirnáisiúnta (obair leanúnach chun stór focal dírithe ar chlibeanna a bhunú).

Treochlár: 9) Seolfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, tairseach chomhpháirtíochtaí in 2022 chun éascú a dhéanamh ar mheaitseáil an éilimh ó thíortha comhpháirtíochta le tairiscint ó ghníomhaithe Eorpacha ó thaobh tacaíochta de.

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022

Seoladh Tairseach Chomhpháirtíochtaí Fhoireann na hEorpa (TEPP) le linn an 15ú heagrán de Laethanta Forbartha na hEorpa idir an 21 agus an 22 Meitheamh 2022. Tar éis oscailt an ardáin ar líne i mí Aibreáin, thug na EDDanna deis é a chur i láthair páirtithe leasmhara. Ar na daoine a bhí i láthair bhí ionadaithe ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus idir-rialtasacha, gníomhaireachtaí forbartha náisiúnta, aireachtaí agus cuideachtaí san earnáil phríobháideach.

D'eagraigh an Coimisiún trí sheimineár gréasáin agus seisiún eolais amháin in 2022 chun tuilleadh for-rochtana ar TEPP a chur ar fáil. Cuireadh an tairseach i láthair freisin ag meithleacha na Comhairle (CODEV agus RELEX) agus ag Coiste na Réigiún - Tionól an Aontais Eorpaigh le haghaidh Ionadaithe Réigiúnacha agus Áitiúla.

**Úsáid níos mó a bhaint as infheistíochtaí príobháideacha**

Treochlár: 10) Féachfaidh an Coimisiún le hinfheistíochtaí breise a ghiaráil a bhuí leis na deiseanna cumaisc agus le cumhacht mhéadaithe ráthaíochta CEFI+ agus tacóidh sé le hiarrachtaí chun ionstraimí airgeadais a bhaineann leis an inbhuanaitheacht a mhéadú inár dtíortha comhpháirtíochta;

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022

Is é cuspóir foriomlán CEFI+ infheistíochtaí breise poiblí agus príobháideacha a úsáid. Mar chuid de nós imeachta cur i bhfeidhm agus scagadh na dtograí, ní mór na ríomhanna giarála eacnamaíocha agus airgeadais a sholáthar mar aon le fianaise inbhuanaitheachta. Ní mór codanna a dhíríonn san iarratas ar chumasc agus ráthaíochtaí a líonadh le haghaidh mheasúnú an Choimisiúin.

Ní chumhdaíonn ráthaíochtaí faoi ollstruchtúr oscailte CEFI+ ach caipiteal príobháideach breise atá plódaithe ag na cláir infheistíochta faoi seach. Ní mór infheistíochtaí a urrú le hacmhainní airgeadais na n-institiúidí airgeadais féin. Dá bhrí sin, tá acmhainneacht ollmhór ag gach PIP maoiniú príobháideach breise a ghiaráil.

I measc ghlao ollstruchtúir oscailte CEFI+ ar thograí bhí Ionú |CEFI+ maidir le Maoiniú Inbhuanaithe (SFW) mar cheann de shé Ionú Infheistíochta CEFI+. Leis an SFW, tá an Coimisiún ag féacháint le tacú le tíortha ísealioncaim agus meánioncaim a margaí bannaí glasa a mhéadú faoi Thionscnamh Bannaí Glasa Domhanda Fhoireann na hEorpa.

Áirítear i gCreat nua CEFI+ um Thorthaí a Thomhas (tag. beart uimh.15) táscairí gur féidir giaráil agus éifeacht iolraitheora oibríochtaí CEFI+ a rianú.

Treochlár: 11) Forbróidh an Coimisiún straitéis chuimsitheach agus é d'aidhm aici tacú le tíortha ísealioncaim agus meánioncaim dlús a chur leis an sreabhadh caipiteal príobháideach intíre agus idirnáisiúnta i dtreo infheistíochtaí inbhuanaithe i dtíortha

ísealioncaim agus meánioncaim, a bhainfidh tairbhe as tacaíocht ó shainghrúpa ardleibhéil;

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022

In 2022, bunaíodh Grúpa Ardleibhéil Saineolaithe chun scrúdú a dhéanamh ar na dúshláin agus ar na deiseanna a bhaineann le maoiniú inbhuanaithe a mhéadú i dtíortha íseal-mheánioncaim. Tar éis glao ar iarratais, roghnaíodh 20 ball agus 20 breathnóir agus iad ag tabhairt saineolas ardleibhéil le chéile ó gach cearn den domhan agus thar earnálacha agus réimsí éagsúla. I mí Mheán Fómhair 2022, bhí an chéad chruinniú ag an nGrúpa Ardleibhéil Saineolaithe inar pléadh raon feidhme na hoibre agus bunaíodh trí fhoghrúpa éagsúla chun breathnú ar dhearcadh infheisteoirí agus ar ionstraimí airgeadais nuálacha, chun tionscadail inbhuanaithe a éascú, agus chun éiceachórais chomhleanúnacha fhabhracha a fhorbairt faoi seach. Tionóladh roinnt cruinnithe, lena n-áirítear dhá cheann in 2022 (i mí na Samhna agus i mí na Nollag).

Treochlár: 12) Fiosróidh an Coimisiún, i gcomhthéacs straitéis Global Gateway, an bhféadfaí Saoráid Eorpach um Chreidmheasanna Onnmhairiúcháin a bhunú chun na socruithe creidmheasa onnmhairiúcháin atá ann cheana ar leibhéal na mBallstát a chomhlánú agus chun cumhacht fhoriomlán an Aontais a mhéadú sa mhéid sin.

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022

Tá staidéar féidearthachta á dhéanamh ag conraitheoir neamhspleách ar roghanna le haghaidh straitéis an Aontais maidir le creidmheasanna onnmhairiúcháin, lena n-áirítear iniúchadh a dhéanamh ar Shaoráid Eorpach um Chreidmheasanna Onnmhairiúcháin.

Ar bhealach ar leith, tá an Coimisiún ag féachaint an bhféadfaí comhordú a fheabhsú maidir le huirlisí airgeadais seachtracha an Aontais agus na mBallstát, lena mbeadh gníomhaireachtaí creidmheasanna onnmhairiúcháin Bhallstáit an Aontais agus na hinstitiúidí airgeadais Eorpacha agus náisiúnta ábhartha araon páirteach ann. Rinneadh gníomhaíocht mapála ([10]).

Tá coinne leis go dtabharfar an dá ghníomhaíocht chun críche i Ráithe 2 2023 agus go mbeidh siad mar bhonn le tuilleadh plé leis na Ballstáit.

**Creat dlíthiúil agus nósanna imeachta a fheabhsú**

Treochlár: 13) Bunóidh an Coimisiún creat rialála nua ina mbeidh sraith rialacha agus nósanna imeachta atá comhleanúnach agus simplí chun tacaíocht infheistíochtaí a éascú

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022

Baineadh é sin amach cheana féin i mí an Mheithimh 2021 nuair a glacadh Rialachán ICFCI maidir leis an Eoraip Dhomhanda lena n-áirítear caibidil a dhíríonn ar an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha agus CEFI+.

([10]) SWD(2023) 96 final

Treochlár: 14) Bunóidh an Coimisiún acmhainneacht fheabhsaithe bainistithe riosca (an Grúpa um Measúnú Teicniúil Ráthaíochta, GTAG+), bunaithe ar chórais agus modheolaíochtaí atá oscailte agus trédhearcach d'institiúidí airgeadais comhpháirtíochta

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022

Rinne an Coimisiún an méid seo a leanas:

- an t-aonad bainistithe riosca a neartú agus a dhaingniú a thuilleadh trí shaineolaithe atá ar iasacht ó institiúidí airgeadais comhpháirtíochta agus saineolaithe riosca atá ar conradh ag an gCoimisiún a bheith rannpháirteach;
- an beartas riosca do CEFI+ a shainiú, tar éis malartuithe le hinstitiúidí airgeadais comhpháirtíochta agus tuairim dhearfach ó Bhord Oibríochtúil CEFI+ an 6 Aibreán 2022;
- an Grúpa Saineolaithe Riosca Ráthaíochta (GREG) a oibríochtú – grúpa neamhspleách cuimsitheach saineolaithe riosca atá bunaithe laistigh den Aonad Bainistíochta Riosca a fhreastalaíonn ar AS INTPA agus AS NEAR araon – agus socruithe iasachta/ceapacháin a thabhairt chun críche le sé institiúid airgeadais comhpháirtíochta;
- dul i dteagmháil le hinstitiúidí airgeadais comhpháirtíochta agus lena ranna riosca chun dea-chleachtas maidir le bainistiú/modheolaíochtaí riosca creidmheasa a roinnt agus, i gcomhthéacs an chéad ghlao ar thograí faoi ollstruchtúr oscailte CEFI+, teacht ar thuiscint choiteann ar ghnéithe riosca agus airgeadais na ráthaíochtaí atá beartaithe.

Treochlár: 15) Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar gharspriocanna agus ar thorthaí a chuid oibríochtaí infheistíochta i gcomhréir le Córas Faireacháin Feidhmíochta ICFCI-An Eoraip Dhomhanda (cuid de chreat faireacháin agus meastóireachta níos leithne ICFCI-An Eoraip Dhomhanda) agus Creat Feidhmíochta IPA III.

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022

Rinneadh athbhreithniú ar chritéar deartha idirghabhálach CEFI+ agus ar a thorthaí/táscairí ionas go mbeifear in ann a dtionchar forbartha a rianú. D'fhorbair seirbhísí an Choimisiúin Creat CEFI+ chun Torthaí a Thomhas (ReMF CEFI+) chun dearadh, faireachán agus tuairisciú comhleanúnach a éascú ar thorthaí oibríochtúla a baineadh amach le tacaíocht ó ráthaíochtaí CEFI+ agus ranníocaíochtaí measctha. Eagraíodh roinnt cruinnithe le linn 2022 chun dul i gcomhairle le comhpháirtithe cur chun feidhme CEFI+ maidir le húire ReMF CEFI+. D’fhorbair seirbhísí an Choimisiúin teimpléid nua freisin d’fhoirmeacha iarratais le haghaidh cumasc agus ráthaíochtaí a bhfuil cuid shonrach acu atá dírithe ar thorthaí. Baineadh úsáid as CEFI+ ReMF nua cheana féin i gcomhthéacs an ghlao ollstruchtúir oscailte ar thograí.

3.2 Bearta chun stiúradh láidir beartais an Aontais a dhearbhú (gníomhaíochtaí breise)

**Labhairt d’aon ghuth in institiúidí airgeadais iltaobhacha**

Treochlár: 16) Déanfaidh an Coimisiún tuilleadh iniúchta ar dheiseanna comhordúcháin idir an tAontas agus a Bhallstáit chun cur chun cinn luachanna agus cuspóirí straitéiseacha an Aontais a chinntiú, chomh maith le comhsheasaimh a fhorbairt in

institiúidí airgeadais idirnáisiúnta agus iltaobhacha. Chuige sin, bainfidh an Coimisiún leas as an taithí atá aige cheana féin ar chomhordú le Stiúrthóirí Feidhmiúcháin Eorpacha ag an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), le Grúpa an Bhainc Dhomhanda (WBG) agus le BEAF.

<u>Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022</u>
Comhordú fairsing le Stiúrthóirí Feidhmiúcháin an Aontais Eorpaigh (EDanna) ag an mBanc Domhanda, lena n-áirítear cuairt bhliantúil ar an mBruiséil i mí na Bealtaine 2022 agus go rialta i rith na bliana maidir le hábhair ábhartha (e.g. an Aetóip).
In 2022 - den chéad uair riamh - forbraíodh teachtaireachtaí coitianta ó Fhoireann na hEorpa don Bhanc Domhanda agus do Chruinnithe Earraigh agus Bliantúla CAI i meitheal Chomhairle CODEV. Thug ionadaithe an Choimisiúin cuairt in 2022 ar Stiúrthóirí Feidhmiúcháin CAI an Aontais Eorpaigh (EDnna). Chuir seirbhísí an Choimisiúin ionchur rialta ar fáil do EDanna an Aontais sa Bhanc Domhanda agus sa Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta roimh fhóram plé ar thíortha agus ar ábhair ábhartha.

3.3 Bearta chun comhordú feabhsaithe a chur chun cinn (gníomhaíochtaí breise)

**Comhordú a neartú ar an leibhéal tíre agus ar an leibhéal réigiúnach**

Treochlár: 17) Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, ról Thoscaireachtaí an Aontais Eorpaigh mar chomhordaitheoirí/pointí fócais a neartú a thuilleadh chun plé réamhtheachtach leis na Ballstáit, lena n-institiúidí maoinithe agus le páirtithe leasmhara eile ar an láthair a éascú, agus chun comhar a threisiú ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach;

<u>Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022</u>
Tháinig feabhas suntasach ar an gcomhordú idir Toscaireachtaí an Aontais (EUDanna), na Ballstáit agus institiúidí airgeadais le linn 2022.
Mar thoradh ar phróiseas deartha Thionscnaimh Fhoireann na hEorpa, rinneadh tuilleadh idirphlé le hinstitiúidí airgeadais ar an láthair, chun infheistíochtaí i bhfreagairt an Aontais a ionchorprú ar bhealach níos comhleanúnaí agus le rannpháirtíocht níos mó EUDanna i gcur i bhfeidhm oibríochtaí infheistíochta.
Tháinig méadú ar ról comhordúcháin EUDanna maidir le gníomhaithe Eorpacha uile a tharraingt le chéile i dtaca le príomhthionscadal/Tionscnaimh Fhoireann na hEorpa agus cinntíodh go bpléitear na tograí infheistíochta ag an réamhchéim chun ailíniú le príomhthionscadail agus le TEInna a chinntiú.
Bhí baint ghníomhach ag EUDanna le scagadh a dhéanamh ar na PIPanna a fuarthas faoi chuimsiú ghlao CEFI+ ar thograí faoin ollstruchtúr oscailte.
Eagraíodh trí oiliúint *ad hoc* ar CEFI+ in 2022 do bhaill foirne sa cheanncheathrú agus in EUDanna.
I mí an Mhárta 2022, d’eagraigh an Coimisiún, i gcomhar le comhlachas EDFI, ceardlann le EUDanna sa Chéinia, i nGána agus sa Chósta Eabhair chun rannpháirtíocht níos fearr institiúidí airgeadais in TEInna tíre a chur chun cinn. Eagraíodh misin for-rochtana CEFI+, lena gcuirtear imeachtaí feasachta agus scaipthe eolais CEFI+ chun cinn, i roinnt tíortha i gcomhar le EUDanna le linn 2022.

Treochlár: 18) Féachfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, ar an bhféidearthacht saoráidí cúnaimh theicniúil a bhunú, arna gcur chun feidhme ag institiúidí airgeadais forbartha éagsúla a oibríonn go comhpháirteach nuair is féidir, chun tacú le tionscadail bhainc a dhearadh i dtíortha i mbéal forbartha agus timpeallacht fhabhrach san earnáil phríobháideach a chruthú;

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022

Oibríonn an Coimisiún, i gcur chuige Fhoireann na hEorpa in éineacht le hinstitiúidí airgeadais forbartha agus gníomhaireachtaí cur chun feidhme thar thrí cheardlann a reáchtáladh in 2022, chun **Mol Comhairleach maidir le Maoiniú Inbhuanaithe** (an "Mol") a chur ar bun. Cuirfidh an “Mol” cúnamh teicniúil ar fáil maidir le maoiniú inbhuanaithe thar thrí cholún: 1) creataí airgeadais inbhuanaithe; 2) bannaí glasa a eisiúint; 3) ionstraimí airgeadais eile a bhaineann leis an inbhuanaitheacht. Agus é sin á dhéanamh, déanfaidh an “Mol” saineolas agus acmhainní an Aontais a chomhthiomsú agus a chomhordú chun cabhrú le tíortha ísealioncaim agus meánioncaim maoiniú inbhuanaithe a mhéadú.

Faoi chuimsiú chumasc agus ráthaíochtaí **CEFI+** , tá Cúnamh Teicniúil le leithdháileadh ar bhonn cás ar chás. Maidir le PIPanna ráthaíocht ollstruchtúr oscailte CEFI+, comhaontófar ranníocaíochtaí TA de réir mar is gá san idirbheartaíocht maidir le comhaontuithe ráthaíochta.

**Tacú le dearadh tionscadal iontaofa ó thaobh brabúis de:** in 2022 bhunaigh an Coimisiún agus Aireacht Gnóthaí Eachtracha na hÍsiltíre grúpa oibre maidir le forbairt mar chuid de thionscnamh Fhoireann na hEorpa '**Infheistiú i nGnólachtaí Nua san Afraic**' (TEI IYBA). Is é cuspóir an ghrúpa oibre forbairt chórasach tionscadal atá réidh le hinfheistíocht (nó 'bainc') san Afraic a éascú lena mbaineann **gnólachtaí nua agus fiontraithe,** a bhfuil tionchar mór forbartha acu, d'institiúidí airgeadais forbartha idirnáisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla nó do chistí infheistíochta chun infheistíocht a dhéanamh iontu. In 2022, tháinig an grúpa le chéile trí huaire chun dúshláin a aithint agus iad ag iarraidh infheistíocht a dhéanamh i ngnólachtaí ag na céimeanna maoinithe réamhbhunaithe, bunaithe, sraith A agus sraith B. Chun bonn eolais a chur faoi obair an ghrúpa, ullmhaíodh tuarascáil a léiríonn fís chomhroinnte maidir leis na dúshláin a bhaineann le píblíne a fhorbairt, bunaithe ar athbhreithniú litríochta agus suirbhé ar ghníomhaithe éiceachórais.

**Tacú le timpeallacht fhabhrach san earnáil phríobháideach a chruthú:** mar chuid de TEI IYBA, bunaíodh grúpa oibre eile go déanach in 2021 chun forbairt cláir nua EUR 23 mhilliún dar teideal IYBA SEED (tacaíocht d’fhorbairt éiceachóras fiontraíochta) a threorú. Féachann an clár le héiceachóras na n-eagraíochtaí a thacaíonn le fiontraithe agus le gnólachtaí luathchéime a neartú. Faoi stiúir FR, agus bainteach le BE, DE, NL agus SK, díríonn an clár ar ghnólachtaí luathchéime i gcúig thír: Beinin, an Chéinia, an tSeineagáil, an Afraic Theas agus Tóga. In 2022, cheap an mheitheal straitéis TEI IYBA go comhpháirteach chun éiceachórais fiontraíochta a fhorbairt.

Treochlár: 19) Eagróidh an Coimisiún, i gcomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, cruinnithe comhordúcháin rialta ar an leibhéal réigiúnach /foréigiúnach /tíre le rannpháirtíocht Thoscaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus institiúidí airgeadais forbartha

ábhartha agus ceanncheathrú/caipitil;

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022
Reáchtáladh cruinnithe athbhreithnithe punainne agus obair ar na bacáin agus fócas réigiúnach ar bhonn rialta i rith na bliana agus ceadaíodh malartuithe i measc Aonaid gheografacha ábhartha an Choimisiúin, EUDanna agus eagraíochtaí airgeadais maidir le hidirghabhálacha leanúnacha agus pleanáilte.

Treochlár: 20) Leanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, air ag eagrú misin chomhpháirteacha agus laethanta tíre i roinnt réigiún

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022
Bhí ábharthacht ag baint le rannpháirtíocht ar an láthair trí mhisin chomhpháirteacha an Aontais agus a Bhallstáit chomh maith le hinstitiúidí airgeadais i gcur chuige Fhoireann na hEorpa in 2022.
Tugadh faoi shraith de "mhisin for-rochtana CEFI+" i dtíortha an Mhéadaithe agus na Comharsanachta, agus san Afraic Fho-Shahárach, agus pléadh le rialtais chomhpháirtíochta agus le comhpháirtithe cur chun feidhme conas is fearr uirlisí CEFI+ a úsáid le haghaidh na dtosaíochtaí infheistíochta agus na dtionscnamh suaitheanta a shainaithnítear sna Pleananna Eacnamaíocha agus Infheistíochta faoi seach.

**Leathnú ar idirphlé agus comhar le hinstitiúidí airgeadais neamh-Eorpacha**

Treochlár: 21) Reáchtálfaidh an Coimisiún idirphlé ardleibhéil le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta lasmuigh de réimse an Aontais, amhail an t-idirphlé Deep Dive le Grúpa an Bhainc Dhomhanda, nó cruinnithe ardleibhéil eile leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, le Banc Forbartha na hAfraice, le Banc Forbartha na hÁise, leis an mBanc Forbartha Idir-Mheiriceánach;

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022
Tionóladh roinnt idirphlé ardbhainistíochta leis an mBanc Domhanda agus leis an IMF in 2022. Ag na Cruinnithe Bliantúla, threoraigh an Coimisinéir um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta an toscaireacht go Washington agus bhuail sé le réimse leathan idirghabhálaithe tábhachtacha. Coinníodh idirphlé spriocdhírithe beartais le WBG agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta ar feadh na bliana trí mhalartuithe rialta ar an leibhéal bainistíochta agus teicniúil, lena n-áirítear cur i láthair do bhainistíocht WBG maidir le tacaíocht an Aontais don Úcráin, TEInna agus Global Gateway, nó don Aetóip. Chuir cúig cheardlann theicniúla maidir le hathrú aeráide, leochaileacht, saincheisteanna inscne agus forbairt na hearnála airgeadais le hidirphlé níos dírithe ar bheartas leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta. Leanadh den obair ar ullmhúcháin na n-idirphlé ardleibhéil le WBG agus leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta atá beartaithe do Ráithe 2/Ráithe 3 2023. Tá roinnt TEInna sainaitheanta ag an gCoimisiún freisin a d'fhéadfadh deiseanna comhair a chur ar fáil le roinnt IFInna (go háirithe an WB).

Tugadh an idirbheartaíocht le Banc Forbartha na hÁise maidir leis an gCreat-Chomhaontú Comhpháirtíochta Airgeadais (FFPA) chun críche in 2022 lena n-ullmhaítear an bealach le haghaidh idirphlé straitéiseach agus comhar straitéiseach níos cuimsithí.

Treochlár: 22) Fiosróidh an Coimisiún réimsí féideartha comhair le hinstitiúidí airgeadais forbartha idirnáisiúnta eile (e.g. an Ciste Forbartha Nordach, an Banc Forbartha Ioslamach, an Grúpa Comhordaithe Arabach, i measc grúpaí eile).

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022

Lean an Coimisiún air ag déanamh idirphlé le hinstitiúidí airgeadais eile, taobh amuigh díobh siúd a ndearnadh measúnú orthu cheana féin, lena n-áirítear an Banc Forbartha Ioslamach agus an Grúpa Comhordaithe Arabach. Reáchtáladh comhdháil idirphlé Arabach-DAC a raibh rath uirthi an 15 Meán Fómhair 2022 inar dearbhaíodh leasanna agus cuspóirí coiteanna, agus toilteanas ár gcomhar a threisiú. Eagraíodh ceardlanna ina dhiaidh sin (le Ciste na hAraibe Sádaí um Fhorbairt agus ISDB) i Ráithe 4 2022 chun comhthuiscint agus comhar a fheabhsú, agus reáchtáladh an chéad mhalartú idir ionadaithe an Choimisiúin agus an Chiste Arabaigh le linn na gCruinnithe Bliantúla.

3.4 Bearta chun ollstruchtúr airgeadais níos cuimsithí a fhorbairt (gníomhaíochtaí breise)

**Plé cuimsitheach a chinntiú ar gach leibhéal**

Treochlár: 23) Cinnteoidh an Coimisiún go ndéanfar gnéithe straitéiseacha a bhaineann leis an ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt a phlé faoi chuimsiú chruinnithe Ard-Stiúrthóirí Forbartha an Aontais Eorpaigh ar fóram cuimsitheach é, a mhinice is gá agus uair sa bhliain ar a laghad agus ar an gcaoi chéanna go bpléifear saincheisteanna teicniúla i gcruinnithe teicniúla cuimsitheacha (e.g. simpliú foirmeacha iarratais ar chistiú CEFI+, socruithe comhair, cómhaoiniú, straitéisí comhchuibhithe, nósanna imeachta um chomhspleáchas agus aitheantas, cúrsaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais etc.).

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022

Rinneadh na hinstitiúidí airgeadais Eorpacha um fhorbairt a chomhtháthú ar bhealach níos córasaí i bplé beartais agus straitéiseach agus in oibríochtú Thionscnaimh Fhoireann na hEorpa agus tionscadail shuaitheanta Global Gateway. Rinneadh rannpháirtíocht a n-ionadaithe i gcruinnithe Ard-Stiúrthóirí Forbartha an Aontais Eorpaigh, chomh maith le hAireachtaí agus eagraíochtaí cur chun feidhme, i gcur chuige Fhoireann na hEorpa, a threisiú mar chleachtas caighdeánach le linn 2022. Tionóladh ceithre chruinniú d'Ard-Stiúrthóirí Forbartha an Aontais Eorpaigh in 2022, rud a thug ionadaithe ó institiúidí airgeadais na hEorpa, ó na bainc iltaobhacha Eorpacha agus ó eagraíochtaí cur chun feidhme Eorpacha isteach ar bhealach cuimsitheach. I measc na gclár oibre bhí plé maidir le cur chun feidhme a fheabhsú agus an úsáid is fearr a bhaint as uirlisí airgeadais. Áiríodh ag cruinniú mhí Aibreáin 2022 mír ar an gclár oibre a dhíríonn go sonrach ar EFAD, tar éis ghlacadh an treochláir agus na chéad tuarascála ar dhul chun cinn.

Eagraíodh seacht gcruinniú theicniúla maidir le Creat Tomhais Torthaí CEFI+ agus maidir leis an bhfeidhmchlár nua, le IFI agus leis na Ballstáit araon (arna gcomhlánú ag na cinn dhéthaobhacha).

Bhunaigh an Coimisiún grúpa oibre le hinstitiúidí airgeadais maidir le haird a dhíriú ar Inscne in ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí in 2022.

**Feabhas ar thacaíocht maidir le measúnuithe colúin**

Treochlár: 24) Leanfaidh an Coimisiún air ag tabhairt cúnaimh agus comhairle mhodheolaíoch d'institiúidí airgeadais Eorpacha atá ag dul faoi phróiseas measúnaithe an cholúin.

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022
I rith na bliana, chuir an Coimisiún (AS INTPA) comhairle mhodheolaíoch ar fáil do 16 institiúid airgeadais Eorpacha a raibh measúnuithe colúin chomhlántacha á ndéanamh acu (ar tugadh 15 cinn díobh chun críche ina leith) agus do 5 iarrthóir institiúid airgeadais nua, lena n-áirítear cruinnithe dírithe ar fhaisnéis agus seiceálacha incháilitheachta d'iarratasóirí nua.

3.5 Bearta chun infheictheacht agus tionchar an Aontais a mhéadú (gníomhaíochtaí breise)

**Iarrachtaí cumarsáide a fheabhsú i gcur chuige Fhoireann na hEorpa**

Treochlár: 25) Féachfaidh an Coimisiún ar an bhféidearthacht creat comhpháirteach tuairiscithe a fhorbairt in éineacht leis na Ballstáit agus le DFInna d'oibríochtaí airgeadais forbartha an Aontais agus na mBallstát ar fud an domhain ar bhonn bliantúil, chun figiúirí agus gnóthachtálacha airgeadais forbartha comhiomlána agus inchomparáide an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát a chur ar fáil chun tacú le tosaíochtaí cumarsáide straitéisí;

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022
Tá roghanna maidir le tuairisciú airgeadais ar thosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, lena n-áirítear Global Gateway, á bhfiosrú ag an gCoimisiún ar bhealach níos cuimsithí. Áirítear leis sin na Ballstáit agus institiúidí airgeadais a spreagadh chun úsáid níos forleithne a bhaint as bealaí tuairiscithe atá ann cheana amhail Córas Tuairiscithe Creidiúnaithe OECD chomh maith le Tacaíocht Oifigiúil Iomlán don Fhorbairt Inbhuanaithe (TOSSD), maidir le húsáid a bhaint as Sreafaí Oifigiúla Eile (OOFanna) agus méideanna príobháideacha. Ina theannta sin, chun riachtanais faisnéise agus cumarsáid ghearrthéarmach agus mheántéarmach a chumhdach, tá machnamh inmheánach déanta ag an gCoimisiún maidir le meicníocht tuairiscithe ad hoc a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh sonraí nach gcumhdaítear faoi láthair ag na hardáin atá ann cheana.

Treochlár: 26) Ullmhóidh an Coimisiún pleananna cumarsáide straitéisí tíre i dtíortha comhpháirtíochta ina dtabharfar le chéile gníomhaíochtaí cumarsáide straitéisí agus gníomhaíochtaí taidhleoireacht phoiblí chun gréasán fadtéarmach a fhorbairt, chun luachanna agus prionsabail an Aontais a thaispeáint, chomh maith le scála agus raon feidhme rannpháirtíocht na hEorpa do lucht féachana áitiúil;

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022
Tacaíodh le reachtaíocht an Aontais ar fud na réigiún uile chun cumarsáid straitéiseach ilbhliantúil agus pleananna taidhleoireacht phoiblí a fhorbairt a léiríonn tosaíochtaí an Aontais. Rinneadh athbhreithniú ar níos mó ná 70 plean Cumarsáide Straitéisí agus Taidhleoireacht Phoiblí in 2022.

Go ginearálta, bhí ábharthacht ag baint leis na comhpháirteanna cumarsáide Straitéisí sna Pleananna Gníomhaíochta Bliantúla. I measc na AAPanna a glacadh in 2022, glacadh níos mó ná 35 Áis Chomhair/Chumarsáid Straitéiseach ar fud na réigiún go léir.

Treochlár: 27) Cuirfidh an Coimisiún tuilleadh treoir chumarsáide agus ábhar cumarsáide ar fáil do Thoscaireachtaí an Aontais, do na Ballstáit agus d'institiúidí airgeadais na hEorpa maidir le cur chuige Fhoireann na hEorpa is féidir a úsáid ina ngníomhaíochtaí cumarsáide (e.g. scéalta ratha an Aontais agus na mBallstát ag gníomhú i gcur chuige Fhoireann na hEorpa a léiríonn an fáth a ngníomhaímid agus na rudaí a seasaimid dóibh (dearcadh áitiúil, luachanna coiteanna, cur chuige duinelárnach);

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022
Eagraíodh seisiúin faisnéise le Toscaireachtaí an Aontais maidir leis an gcur chuige nua i leith na cumarsáide straitéisí agus na taidhleoireachta poiblí agus treoirlínte nuashonraithe 2022 maidir le hInfheictheacht an Aontais a Chur in Iúl agus a Chur Chun Cinn. Cuireadh nuashonruithe maidir le feidhmiú céimneach na cumarsáide i dtaca Global Gateway agus straitéis chomhpháirteach faoi bhráid Bhallstáit an Aontais i meitheal Chomhairle RELEX in 3 chruinniú ar leith in 2022. Cuireadh an cur chuige straitéiseach i leith na cumarsáide faoi bhráid DFI na hEorpa agus Líonra na gCleachtóirí ar an leibhéal teicniúil freisin, agus léiríodh é san athbhreithniú ar Chomhaontuithe Comhpháirtíochta ábhartha maidir leis an gCreat Airgeadais (e.g. le BEAF).

Treochlár: 28) Déanfaidh an Coimisiún comhordú le hinstitiúidí airgeadais rannpháirteacha an Aontais agus leis na Ballstáit maidir le hoibríochtaí nua a fhógairt i gcur chuige Fhoireann na hEorpa trí nuacht (preaseisiúintí nó na meáin shóisialta) agus rannpháirtíocht chomhpháirteach i gcás inarb oiriúnach i searmanais shínithe na n-oibríochtaí a áirítear i bpunanna a chumhdaítear le Ráthaíocht CEFI+;

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022
Ullmhaíodh roinnt imeachtaí seolta agus preaseisiúintí i gcomhpháirt le hinstitiúidí airgeadais eile de chuid an Aontais agus leis na Ballstáit, lena n-áirítear i gcomhthéacs imeachtaí ardphróifíle amhail COP27

Treochlár: 29) Forbróidh an Coimisiún láithreacht shoiléir gréasáin do gach tionscadal a fhaigheann maoiniú ón Aontas trí úsáid a bhaint as maoiniú cumaisc, ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh teicniúil.

Tuarascáil ar dhul chun cinn 2022
In 2022, rinneadh suíomh gréasáin AS INTPA ar Europa a aistriú chuig ardán gréasáin nua, Ardán Foilsitheoireacht Ghréasáin Europa (EWPP). Rinneadh ábhar gréasáin agus ollstruchtúr faisnéise shuíomh gréasáin AS INTPA a nuashonrú agus a chuíchóiriú. Leis an gcur chuige nua maidir le cumarsáid straitéiseach agus taidhleoireacht phoiblí i ndáil le láithreacht gréasáin na gclár arna gcistiú ag an Aontas, foráiltear maidir le cuíchóiriú (cainníocht agus inneachar). Déanfar láithreachtaí gréasáin na gclár a fhaigheann maoiniú ón Aontas Eorpach a óstáil ar ardán Europa agus ní chruthófar aon láithreáin ghréasáin nua a bhaineann le tionscadail/cláir. Beidh an láithreacht gréasáin nua gonta, níos éifeachtaí, níos éifeachtaí ó thaobh costais de agus nasctha le Global Gateway agus le cuspóirí beartais eile de chuid an Aontais.